Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15992/25**

**AUDIO 125**
**DISINFO 104**
**DIGIT 254**
**MI 964**
**FREMP 360**
**COMPET 1241**
**EDPS 10**
**DATAPROTECT 313**
**JAI 1792**
**SERVICES 83**
**POLGEN 213**
**INST 410**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón Uachtaránacht maidir le rochtain ar nuacht iontaofa mar chuid den Sciath Eorpach don Daonlathas |

Ag eascairt as an gcruinniú a bhí ag an gComhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt an 28 Samhain 2025, gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, téacs na gconclúidí ón Uachtaránacht ar thacaigh 26 thoscaireacht leo.

**Conclúidí ón Uachtaránacht maidir le rochtain ar nuacht iontaofa mar chuid den Sciath Eorpach don Daonlathas**

DÉANANN UACHTARÁNACHT CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

AGUS AN MÉID A LEANAS Á MHEABHRÚ AICI:

1. Is réamhriachtanas bunúsach í an rochtain ar nuacht iontaofa, mar murach iad ní fheidhmeoidh ár ndaonlathais. Dá bhrí sin, tá ról tábhachtach daonlathach ag na meáin nuachta a fheidhmíonn faoi fhreagracht eagarthóireachta agus i gcomhréir leis na caighdeáin iriseoireachta ghairmiúla agus eiticiúla maidir le réimse na faisnéise a chosaint, rochtain ar nuacht iontaofa a áirithiú agus daonlathais bhríomhara athléimneacha a chaomhnú.

2. Cosaint shaoirse na meán agus iolrachas na meán, is colúin den daonlathas iad agus tá ról lárnach acu maidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus an ceart chun faisnéise a éascú, agus maidir le dioscúrsa daonlathach oscailte a chothú.

3. Is dúshláin shochaíocha fhorleathana chasta thromchúiseacha[1] iad an Ionramháil agus Cur Isteach Eachtrach ar Fhaisnéis (ICIEF) agus bréagaisnéis agus ní mór aghaidh a thabhairt orthu trí, *inter alia*, réimse inbhuanaithe meán iontaofa, iolraíoch agus inrochtana a chothú go réamhghníomhach. Ag an am céanna, is dúshláin freisin iad an mhífhaisnéis[2] a scaiptear gan drochrún intinne agus gan dliteanas díreach, ar dúshláin iad atá ag dul i méid i réimse na nuachta agus na faisnéise, agus is in olcas atá siad ag dul freisin de dheasca na patrúin nua scaipthe agus tomhaltais atá ag teacht chun cinn, ar patrúin dhigiteacha iad go minic.

---

[1] Mar a aithníodh, cuir i gcás, le linn an phlé a rinneadh le déanaí ag Lá Domhanda Shaoirse an Phreasa de chuid UNESCO 2025 agus sa 20ú heagrán de Thuarascáil Dhomhanda 2025 maidir le Rioscaí Domhanda, ar tuarascáil ón bhFóram Eacnamaíoch Domhanda í.

[2] Féach, mar shampla, tuarascáil ERGA 2020 maidir le *Notions of Disinformation and Related Concepts* [Coincheapa Bréagaisnéise agus Coincheapa Gaolmhara Eile], Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc.

4. Táthar ag cur brú méadaitheach ar earnáil na nuachta agus ar an réimse faisnéise i gcoitinne. Is iad na tosca seo a leanas, agus tosca eile nach iad, is cúis leis an mbrú sin; tá siad fite fuaite lena chéile agus ní mór aghaidh a thabhairt orthu chun nuacht iontaofa a chothú:

a) Dúshláin dhigiteacha – bíonn tionchar ollmhór ag na hardáin ar líne, ag na geatóirí digiteacha, lena n-áirítear innill chuardaigh, agus ag ábhar arna chur chun cinn ag algartaim, ar shamhlacha gnó na meán atá ann cheana agus ar an ioncam fógraíochta. Is amhlaidh atá i gcás seirbhísí na hIntleachta Saorga (IS); is fíor gurb ann do dheiseanna nua a bhuí leo, ach is dúshlán iad freisin toisc go gcruthaíonn siad ábhar atá cosúil le nuacht, agus toisc go ndéanann siad achoimrí agus go dtugann siad forléargais ar nuacht gan aon fhreagracht shoiléir eagarthóireachta agus a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar ábhar atá faoi chosaint cóipchirt. Dá thoradh sin, is gá le nuálaíocht agus le hoiriúnú don mhargadh, agus is gá le hiarrachtaí chun cothroime iomaíochta níos fearr a áirithiú ionas nach mbainfear an bonn den rochtain ar fhaisnéis iontaofa ná den mhuinín as ábhar iriseoireachta.

b) Teacht chun cinn gníomhaithe i dtimpeallacht na meán, cuir i gcás cruthaitheoirí ábhair ar líne (dá ngairtear 'tionchairí' freisin) a tháirgeann agus a scaipeann ábhar a bhaineann leis an nuacht. I gcásanna áirithe, aicmítear na gníomhaithe sin cheana féin mar sholáthraithe seirbhíse meán; mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach mbeidís faoi réir na rialacha céanna leis na meáin thraidisiúnta go comhsheasmhach, cé gur minic gurb ionann a raon agus a dtionchar, nó gur mó a dtionchar fiú, go háirithe ar lucht féachana níos óige;

c) Dúshláin gheopholaitiúla – tagann gníomhaithe mailíseacha i dtír ar acmhainneacht mhéadaitheach chun an bonn a bhaint den dioscúrsa daonlathach, den smaointeoireacht chriticiúil agus den mhuinín chomhroinnte inár sochaithe.

5. Tá tionchar na ndúshlán digiteach thar a bheith suntasach i gcás soláthraithe na seirbhísí meán nuachta tráchtála, áitiúla agus réigiúnacha agus seirbhísí meán nuachta, go háirithe i bpobail bheaga agus i dteangacha nach labhraítear chomh forleathan céanna.

6. Tagann fásaigh nuachta gheopholaitiúla chun cinn i gcás ina laghdaítear an rochtain ar ábhar nuachta a tháirgtear go háitiúil nó nuair nach ann don rochtain sin ar chor ar bith, agus is féidir le bearnaí déimeagrafacha, sóisialta agus bearnaí idirghlúine difear a dhéanamh don bhealach ina bhfaigheann grúpaí éagsúla rochtain ar fhoinsí nuachta iontaofa agus ina dtéann siad i dteagmháil leis na foinsí sin. An tráth céanna, cuireann tosca eile, cuir i gcás polarú méadaitheach arna spreagadh ag na halgartaim rannpháirtíocht-bhunaithe, feachtais ICIEF agus scaipeadh ábhair a ghintear go saorga nó nach bhfuil fíoraithe, leis an deighilt san úsáid a bhaintear as na meáin agus sa mhuinín a chuirtear in ábhar iriseoireachta.

AITHNÍONN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS:

7. Le blianta beaga anuas, tá roinnt céimeanna glactha ag an Aontas Eorpach chun an creat rialála a fhorbairt do sheirbhísí meán na linne seo chun na dúshláin atá ann faoi láthair a léiriú ar bhealach níos fearr agus chun uirlisí ábhartha a chur ar fáil i gcomhthéacs digiteach. Áirítear leis sin, go háirithe, an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (GESM)[3] agus Treoir athbhreithnithe Sheirbhísí na Meán Closamhairc (TSMCA)[4]. Áirítear ann freisin an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD)[5], an Gníomh um Margaí Digiteacha (GMD)[6], an Treoir maidir le Cóipcheart sa Mhargadh Aonair Dhigiteach[7] agus an Gníomh um an Intleacht Shaorga[8] óir is ionstraimí tábhachtacha iad chun an réimse digiteach níos leithne a rialáil. Tá impleachtaí an-mhór aige sin d'earnáil na meán agus don éiceachóras faisnéise. Rannchuidíonn an Treoir Frith-SLAPP[9] a thuilleadh le hiriseoirí agus eagraíochtaí meán a chosaint ar dhlíthíocht mhí-úsáideach. D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag uirlisí comhrialála lena n-áirítear Cóid Iompair GSD maidir le bréagaisnéis agus cur i gcoinne na fuathchainte ar líne chun na hardáin a scaipeann ábhar míthreorach díobhálach a chuireann le rioscaí córasacha, e.g. i gcomhthéacs toghchán, a thabhairt chun cuntais. Mar sin féin, ní mór meastóireacht rialta a dhéanamh ar na huirlisí sin chun a n-éifeachtacht a áirithiú sa chleachtas.

---

[3] Rialachán (AE) 2024/1083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh seirbhísí meán sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 2010/13/AE (An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán) (IO L, 2024/1083, 17.4.2024).

[4] Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc) i bhfianaise athruithe ar an margadh (IO L 303, 28.11.2018, lch. 69).

[5] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1).

[6] Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (IO L 265, 12.10.2022, lch. 1).

[7] Treoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach agus lena leasaítear Treoracha 96/9/CE agus 2001/29/CE (IO L 130, 17.5.2019, lch. 92).

[8] Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828) (IO L, 2024/1689, 12.7.2024).

[9] Treoir (AE) 2024/1069 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le daoine a bhíonn ag gabháil do rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar éilimh atá go follasach gan bhunús nó ar imeachtaí cúirte mí-úsáideacha (IO L, 2024/1069, 16.4.2024) mar a ghabhann le Moladh 2022/758 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2022 maidir le hiriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar imeachtaí cúirte ar follasach go bhfuil siad gan bhunús nó mí-úsáideach.

8. Cé gur tugadh isteach sainmhíniú ar fhreagracht eagarthóireachta isteach i ndlí an Aontais leis an TSMCA, rinne an GESM é a athdhearbhú agus a leathnú a thuilleadh. Faoi GESM, cuirtear oibleagáidí agus cearta áirithe de chúram ar sholáthraithe seirbhíse meán, lena n-áirítear, go háirithe, coimircí nua faoi Airteagal 18 chun nach bhféadfaidh soláthraithe ardán an-mhór ar líne srianta a chur ar ábhar eagarthóireachta ná an t-ábhar sin a chur ar fionraí gan forais leordhóthanacha.

9. Is saintréithe de nuacht iontaofa iad an fhreagracht eagarthóireachta, an neamhspleáchas agus an trédhearcacht úinéireachta, chomh maith le caighdeáin ghairmiúla agus eiticiúla. Ní thugtar le tuiscint, le haon tagairt do nuacht iontaofa sna conclúidí seo, aon sainmhíniú ná idirghabháil arna sainordú ag an stát i neamhspleáchas na soláthraithe seirbhíse meán nuachta. Ina ionad sin, is amhlaidh a thuigfear nuacht iontaofa mar ábhar meán nuachta arna tháirgeadh ag soláthraithe seirbhíse meán atá freagrach agus cuntasach ó thaobh eagarthóireachta de, i gcomhréir leis na caighdeáin iriseoireachta ghairmiúla agus eiticiúla, i gcomhréir leis an dlí ábhartha. I gcás inarb ábhartha, áirítear leis sin freisin na sásraí láidre comhrialála nó féinrialála lena rialaítear na caighdeáin eagarthóireachta, a forbraíodh i roinnt mhaith Ballstát go neamhspleách ar thionchar an rialtais d’fhonn béim a leagan ar shaoirse na meán agus ar an neamhspleáchas eagarthóireachta.

10. Ní mór ról na meán seirbhíse poiblí, is é sin, rochtain a áirithiú do chách ar ábhar iontaofa nuachta, ar fud ardáin na meán traidisiúnta agus digiteach araon, a chosaint. Na meáin seirbhíse poiblí atá neamhspleách agus iontaofa, is colún cosanta sibhialta agus sóisialta iad, go háirithe tráth géarchéime agus éagobhsaíochta.

11. Rinne an Chomhairle, mar shampla sna conclúidí uaithi maidir leis an measúnú ar an gcreat dlíthiúil do sheirbhísí meán closamhairc agus do sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán (an TSMCA)[10], agus sna conclúidí uaithi maidir le córas meán atá saor agus iolraíoch a chosaint[11], béim a leagan roimhe seo ar an ngá atá le hearnáil na meán atá inbhuanaithe, le rialáil chomhleanúnach agus le rochtain ar fhaisnéis iontaofa mar chuid den bhonneagar daonlathach.

12. Ina theannta sin, tá bearta tábhachtacha déanta ag an gCoimisiún Eorpach le déanaí maidir, mar shampla, le Meáin na hEorpa sa deacáid dhigiteach: plean gníomhaíochta chun tacú le téarnamh agus claochlú[12], an Plean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach agus tionscnaimh ábhartha eile de chuid an Choimisiúin nach iad.

---

10 C/2025/2954.
11 2020/C 422/08.
12 COM (2020) 784 final.

DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI:

13. An tionscnamh ón gCoimisiún Eorpach Sciath Eorpach don Daonlathas a sheoladh arb é is aidhm dó, *inter alia*, rannpháirtíocht i saol an daonlathais a chur chun cinn, agus go háirithe rannchuidiú le hearnáil meán inbhuanaithe, saor, neamhspleách agus iolraíoch, agus cearta bunúsacha agus luachanna daonlathacha á n-urramú go hiomlán.

14. An gealltanas a leagtar síos i dtosaíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh don tréimhse 2024-2029 chun earnáil meán iontaofa, neamhspleách, iolraíoch agus inbhuanaithe a fhorbairt, a áirithiú agus a fheabhsú agus chun tacaíocht d'iriseoirí neamhspleácha san Aontas Eorpach agus cosaint na n-iriseoirí sin a mhéadú. Sa chomhthéacs sin, tá sí ag tabhairt dá haire freisin Clár nua um Athléimneacht na Meán, a fógraíodh in aitheasc Uachtarán an Choimisiúin ar Staid an Aontais Eorpaigh, agus is díol sásaimh di chomh maith an deis a bheith ann páirt a ghlacadh sa phlé maidir leis an mbealach is fearr chun tacú leis an iriseoireacht neamhspleách agus leis an litearthacht sna meáin.

15. Seoladh an Bhoird Eorpaigh um Sheirbhísí na Meán a bunaíodh faoin nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, agus a tháinig in ionad Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc agus a tháinig i gcomharbacht air, chun earnáil meán atá saor agus iolraíoch a chothú agus a chaomhnú ar fud an Aontais.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

16. Féachaint ar bhealaí chun infheidhmeacht agus raon feidhme na freagrachta eagarthóireachta a shoiléiriú, mar a shainítear i dTreoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc agus sa Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán agus mar a bhaineann le coincheapa comhchosúla maidir le cuntasacht sna meáin. Is é an aidhm atá ann rochtain ar fhaisnéis nuachta iontaofa a áirithiú, agus cloí le caighdeáin iriseoireachta, agus, i gcás inarb ábhartha, úsáid na freagrachta eagarthóireachta a leathnú chun gníomhaithe nua a scaipeann nuacht nó ábhar atá cosúil le nuacht, ar nós cruthaitheoirí ábhair ar líne, a chuimsiú, agus iad a spreagadh chun freagracht eagarthóireachta a fheidhmiú go hiontaofa. Trí úsáid na freagrachta eagarthóireachta a leathnú nó a spreagadh ar fud na ngníomhaithe ar fad lena mbaineann agus trí léiriú níos fearr a thabhairt ar réaltachtaí digiteacha, is féidir cabhrú le struchtúir dhearfacha dhreasachta a sholáthar chun nuacht iontaofa a bhailiú agus a scaipeadh gan saoirse agus neamhspleáchas na meán a chur i mbaol.

17. Scrúdú a dhéanamh an leor na córais chuntasachta atá ann faoi láthair le haghaidh seirbhísí digiteacha nua lena gcoimeádtar ábhar nuachta, lena n-áirítear córais intleachta saorga, agus an gcumhdaítear innill chuardaigh agus ardáin ar líne go leordhóthanach leis na hoibleagáidí díchill chuí atá ann faoi láthair. D’fhéadfadh sé nach mbeadh baint dhíreach ag na seirbhísí sin le táirgeadh ábhair nuachta agus meán, ná nach mbeadh siad freagrach astu, agus is minic gurb iad úsáideoirí agus algartaim a ghineann a n-ábhar. Mar sin féin, leanann siad de bheith ina ngeatóirí lárnacha agus tá ról acu atá ag éirí níos tábhachtaí i ndáileadh ábhair agus, i gcásanna áirithe, i dtáirgeadh ábhair. Bíonn tionchar aige sin ar iolrachas na meán, ar shaoirse tuairimíochta agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, ar rochtain ar nuacht neamhspleách iontaofa, ar theacht chun cinn fásaigh nuachta áitiúla, agus, ar deireadh, ar phróisis dhaonlathacha.

18. Machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun cothrom iomaíochta a áirithiú idir ardáin ar líne agus gníomhaithe sonracha i dtimpeallacht na meán *vis-à-vis* seirbhísí meán nuachta atá freagrach ó thaobh na heagarthóireachta de chun rannchuidiú le go mbeidh earnáil na meán níos inbhuanaithe, níos neamhspleáiche, níos iolraíocha agus níos saoire. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chóir rialála a áirithiú le haghaidh meáin nuachta atá iontaofa agus freagrach ó thaobh na heagarthóireachta de chun aon mhíbhuntáistí iomaíocha a chosc. Chun cothrom iomaíochta a bhaint amach, d'fhéadfadh sruthlíniú a bheith i gceist le reachtaíocht a chuíchóiriú chun ceanglais mhíchothroma agus ualaí riaracháin míchothroma a laghdú, agus caighdeáin rialála chomhsheasmhacha á gcoinneáil ag an am céanna. Ag an am céanna, ní mór a áirithiú go mbíonn rialacha agus bearta eile comhsheasmhach agus trédhearcach agus go mbíonn an t-idirghníomhú eatarthu sainithe go maith chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach agus comhleanúnach a chumasú. Ba cheart do na cuspóirí sin leanúint de bheith lárnach i ndáil le haon mheastóireacht a dhéanfar amach anseo ar an gcreat reachtach ábhartha, mar shampla, Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc.

19. Leanúint de mheasúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a bhíonn ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta soláthraithe seirbhíse meán agus bearta reachtacha, rialála nó riaracháin nua á moladh, agus forálacha Airteagal 21 den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán á gcur san áireamh.

20. Obair leantach rialta a dhéanamh ar na gníomhartha dlí, ar an gcur chun feidhme, ar na pleananna gníomhaíochta, ar na conclúidí ón gComhairle agus ar dhoiciméid ábhartha eile agus ar chinntí beartais chun measúnú leanúnach a dhéanamh ar an ngá atá le tuilleadh gníomhaíochta, le cuíchóiriú agus le comhleanúnachas.

21. Faireachán agus measúnú a dhéanamh ar na rialacha cóipchirt reatha is infheidhme maidir le hábhar iriseoireachta, preasfhoilseacháin, cuir i gcas, i gcomhthéacs forbairtí margaidh, ardáin dhigiteacha agus teicneolaíochtaí intleachta saorga. Ba cheart a chur san áireamh leis sin cuimsiú iomchuí pheirspictíochtaí na sealbhóirí cirt agus d'fhéadfaí é a scrúdú i gcomhthéacs na meastóireachta atá ar na bacáin ar an Treoir maidir le Margadh Aonair Digiteach.

22. Infhaighteacht agus rochtain ar chistí tacaíochta do na meáin a fheabhsú, ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon, agus a áirithiú go mbeidh siad sin inrochtana freisin do sholáthraithe nuachta atá iontaofa, neamhspleách agus freagrach ó thaobh eagarthóireachta de, d'ábhar iriseoireachta agus, go háirithe, d'eintitis nuachta áitiúla gan neamhspleáchas na meán a chur i mbaol. D'fhéadfaí a áireamh leis sin athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na rialacha maidir le státchabhair, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine maidir le státchabhair i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle le déanaí[13].

23. Bealaí a spreagadh chun tacú le tionscadail meán uile-Aontais, mar shampla ardáin meán trasteorann agus comhar eile i measc meán neamhspleách agus meán seirbhíse poiblí, a chuireann nuacht chruinn iontaofa ar fáil agus a chuireann oidhreacht shaibhir éagsúil chultúrtha agus theangeolaíoch na hEorpa i láthair. D'fhéadfadh na tionscadail sin rannchuidiú le réimse poiblí Eorpach san Aontas, ag feidhmiú mar ghuthanna iontaofa Eorpacha sa domhan agus mar shócmhainn agus an bhréagaisnéis agus an mhífhaisnéis á gcomhrac.

24. Féachaint ar bhealaí leis na dálaí is fearr is féidir a áirithiú le haghaidh timpeallacht meán nuachta atá saor, neamhspleách agus iolraíoch i margadh iomaíoch ionas gur féidir le soláthraithe seirbhíse meán samhlacha gnó inbhuanaithe a bhunú nó na coigeartuithe is gá a dhéanamh. Tá sé sin ábhartha go háirithe ós rud é go bhfuil sciar níos mó d'ioncam fógraíochta ag ardáin mórchuideachtaí teicneolaíochta agus go bhféadfadh teicneolaíochtaí intleachta saorga agus ábhar a ghintear le hintleacht shaorga a bheith ina mbagairt ar shamhlacha gnó atá ann cheana toisc go mbaineann siad tairbhe as ábhar nuachta ó sheirbhísí meán Eorpacha gan rannchuidiú leis an ábhar sin a chruthú.

25. Bealaí nuálacha a éascú chun samhlacha gnó fógraíochta soláthraithe nuachta iontaofa a neartú agus scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a mbíonn sé sin ag idirghníomhú le dlí níos leithne an Aontais. Mar shampla, trí fhéachaint ar an gcaoi ar féidir leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc, an Gníomh um Margaí Digiteacha agus rialacha iomaíochta rannchuidiú le hiomaíochas agus inrochtaineacht seirbhísí fógraíochta ar líne agus iad a éascú do na gníomhaithe uile sa slabhra luacha, lena n-áirítear na meáin eagarthóireachta. Ar an mbonn sin, tá sé tábhachtach i gcónaí dul i ngleic le hiompar féintosaíochta geatóirí chomh maith le scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá le ceanglais idir-inoibritheachta ar fud seirbhísí fógraíochta.

---

13 C/2025/2954

26. Féachaint ar bhealaí chun cleachtais fógraíochta a chuireann le hinbhuanaitheacht eacnamaíoch na hearnála nuachta a chothú agus a chur i dtábhacht agus lánurraim á tabhairt don neamhspleáchas eagarthóireachta. Ba cheart é sin a dhéanamh gan aon ualaí ná ceanglais maidir le nochtadh a chruthú.

27. Neamhspleáchas agus ábharthacht meán seirbhíse poiblí a choimirciú agus a fheabhsú a thuilleadh, comhar a chothú agus a áirithiú go mbeidh na heagraíochtaí meán sin in ann leanúint de bheith ábhartha agus i láthair go digiteach trí aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le meáin seirbhíse poiblí a bheith in ann foilsiú go digiteach agus ar fud formáidí foilsitheoireachta éagsúla sa dlí Eorpach maidir le státchabhair agus maidir leis an iomaíocht agus i gcomhréir leo sin. Más gá, measúnú a dhéanamh an bhfuil na rialacha atá ann faoi láthair maidir le státchabhair fós oiriúnach dá bhfeidhm chun réaltacht dhigiteach, láithreacht agus ábharthacht leanúnach meán seirbhíse poiblí sa lá atá inniu ann a chumasú chun freastal ar riachtanais dhaonlathacha, shóisialta agus chultúrtha.

28. Suntasacht iomchuí seirbhísí meán leasa ghinearálta a cheadú agus, i gcás inarb ábhartha, a chothú mar a bheartaítear in Airteagal 7a den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc, mar shampla, lena n-áirítear ar ardáin ar líne agus ar chomhéadain dhigiteacha lena rialaítear nó lena mbainistítear rochtain ar nuacht iontaofa agus infheictheacht na nuachta sin. D’fhéadfadh na bearta sin rannchuidiú leis an mbréagaisnéis agus ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis a chomhrac agus cuidiú lena áirithiú go mbeidh rochtain níos éasca ag úsáideoirí ar fhaisnéis éagsúil, ardcháilíochta agus iontaofa, lena n-áirítear nuacht áitiúil, ar a gcuid seirbhísí.

29. Scrúdú cúramach a dhéanamh ar bhealaí inar féidir bearta suntasachta a chur chun feidhme go héifeachtach i gcomhthéacs a bhfuil an digiteáil agus an ghné thrasteorann ag dul i dtreise ann gan inniúlachtaí náisiúnta ná neamhspleáchas na meán a chur i mbaol, agus gan ualaí nach bhfuil gá leo a chruthú do sholáthraithe. Rogha amháin a bheadh ag na Ballstáit chun dul chun cinn ab ea, ar bhonn deonach, malartú a dhéanamh ar dhea-chleachtais maidir leis an gcaoi ar féidir bearta suntasachta, lena n-áirítear caighdeáin theicniúla ghaolmhara, a bharrfheabhsú agus a ghlacadh go héasca ar bhealaí comhchosúla i mBallstáit éagsúla, agus deis ann freisin rannchuidiú freisin leis an meastóireacht leanúnach ar an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc.

30. I gcomhar le hearnáil na meán, uirlisí tacaíochta agus iarrachtaí do dhaoine, d'fhógróirí, do sholáthraithe seirbhíse agus d'ardáin ar líne ábhar ó eagraíochtaí meán nuachta atá iontaofa agus freagrach ó thaobh na heagarthóireachta de a aithint go héasca. Is féidir é sin a dhéanamh, mar shampla, trí litearthacht sna meáin agus litearthacht dhigiteach agus infhaighteacht oiliúna iriseoireachta a mhéadú, chomh maith le feasacht ar an luach a bhaineann le faisnéis chruinn iontaofa. D'fhéadfadh na bearta sin rannchuidiú le bréagnú, réamhbhréagnú, agus seiceáil fíricí fheabhsaithe ach ba cheart iad a bheith i gcomhréir le caighdeáin iriseoireachta ghairmiúla agus eiticiúla, freagracht eagarthóireachta agus neamhspleáchas agus i gcomhréir le hoibleagáidí trédhearcachta maidir le húinéireacht meán chun éiceachóras faisnéise sláintiúil a áirithiú.

31. Soláthraithe seirbhíse meán nuachta a spreagadh údarthacht shoiléir a shannadh i ndáil le hábhair meán a chur chun cinn, mar shampla, úsáid na folíne san iriseoireacht chun ainm an údair a léiriú, gan cur isteach ar neamhspleáchas na meán ná ar shábháilteacht iriseoirí. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina bhealach chun trédhearcacht, cuntasacht agus muinín an phobail as an iriseoireacht a threisiú, chomh maith le cosaint cóipchirt, agus ag an am céanna tacú le lipéadú mar bhealach inaitheanta d'ábhar a ghintear leis an intleacht shaorga.

32. Leanúint den obair leantach agus de thuairimí a chomhroinnt maidir le gealltanais pholaitiúla na gConclúidí ón gComhairle ó 2020[14] agus ó 2024[15] chun gníomhaíochtaí litearthachta sna meáin a chur chun cinn lena ndéantar an mhífhaisnéis agus an bhréagaisnéis a chomhrac agus an athléimneacht a neartú ar fud na n-aoisghrúpaí agus na ngrúpaí leochaileacha uile, go háirithe mionaoisigh. D'fhéadfaí a áireamh leis sin bearta chun feasacht an phobail a mhúscailt maidir leis na rioscaí a bhaineann le seirbhísí intleachta saorga a úsáid chun ábhar nuachta a aimsiú agus maidir leis an tábhacht a bhaineann le faisnéis a fhíorú sula roinnfear ar na meáin shóisialta í, go háirithe d'úsáideoirí a bhfuil lucht féachana suntasach acu. Sa chomhthéacs sin, tacú le tionscnaimh, iad a chur i gcrích nó iad a spreagadh chun ábhar arna ghiniúint ag an intleacht shaorga agus arna bhainistiú ag an intleacht shaorga a bhrath agus a lipéadú i gcomhréir le forálacha ábhartha an Ghnímh um an Intleacht Shaorga.

---

[14] *Council conclusions on media literacy in an ever-changing world* [Conclúidí ón gComhairle maidir le litearthacht sna meáin i ndomhan atá ag síorathrú], IO C 193, 9.6.2020, lch. 23.

[15] Conclúidí ón gComhairle maidir le hathléimneacht dhaonlathach: próisis toghcháin a chosaint ar thrasnaíocht eachtrach, 10119/24.

33. Feabhas a chur ar eolas agus feasacht an phobail ar ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis agus ar phróisis bhréagaisnéise, mar shampla, trí thaighde ildisciplíneach, trí shonraí a thiomsú maidir le patrúin tomhaltais na meán agus trí ghníomhaíochtaí múscailte feasachta eile. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfaí leas a bhaint as struchtúir atá ann cheana, mar shampla. an Fhaireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha (EDMO) agus líonraí Eorpacha seiceálaithe fíricí nó feabhas a chur orthu.

34. A áirithiú go ndéanfar beartas na meán a chomhtháthú agus beartais slándála gheopholaitiúla agus beartais dhigiteacha níos leithne á gcur san áireamh chun an daonlathas a chosaint agus cumhacht a thabhairt do shaoránaigh a thuilleadh agus a n-athléimneacht a neartú, ós rud é gur réamhriachtanas bunúsach d'fheidhmiú an daonlathais an rochtain ar nuacht iontaofa. Is féidir é sin a dhéanamh, mar shampla, trí ról agus iarmhairtí na meán a chur san áireamh agus cuspóirí agus straitéisí beartais níos leithne á gceapadh agus lánurraim á coinneáil do shaoirse na meán agus don neamhspleáchas eagarthóireachta ag an am céanna.